Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2026 (OR. en)**

**9075/26**

**TOUR 25**
**COMPET 553**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | ‘Turasóireacht inbhuanaithe iomaíoch a thógáil don todhchaí’ - Conclúidí ón gComhairle (a glacadh an 28 Bealtaine 2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le ‘Turasóireacht inbhuanaithe iomaíoch a thógáil don todhchaí’, a ghlac an Chomhairle ag an 4178ú cruinniú a bhí aici an 28 Bealtaine 2026.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE**

**'Turasóireacht inbhuanaithe iomaíoch a thógáil don todhchaí'**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. AG FÉACHAINT d'Airteagail 6 agus 195 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, a mhéid a bhaineann leis an Aontas Eorpach a bheith ag tacú le gníomhaíocht na mBallstát i réimse na turasóireachta agus a bheith á gcomhordú agus á bhforlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar réimsí inniúlachta faoi seach na mBallstát agus an Aontais, agus ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta.

2. Agus na conclúidí uaithi an 1 Nollaig 2022 maidir leis an gClár Oibre Eorpach don Turasóireacht 2030[1] ('an Clár Oibre' ina dhiaidh seo), an Chonair Aistrithe don Turasóireacht[2], agus 'Dearbhú Palma' Á MHEABHRÚ AICI.

3. Agus cineál tríthoiseach na hinbhuanaitheachta Á AITHINT AICI, i.e. an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta agus an ghné chomhshaoil, rud nach mór a bheith ina dhlúthchuid de bheartais turasóireachta.

4. AITHNÍONN SÍ rannchuidiú eacnamaíoch na turasóireachta san Aontas arbh ionann é in 2024 agus thart ar 7 % dá hOll-Bhreisluach, agus gurbh ionann an turasóireacht agus 10 % dá poist agus 4.6 milliún gnólacht[3], ar fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) 99 % díobh[4], chomh maith le rannchuidiú earnáil na turasóireachta le hiomaíochas foriomlán an Aontais, agus tugann sí dá haire gur colún struchtúrach den gheilleagar í an turasóireacht i roinnt réigiún.

---

[1] 15441/22.
[2] Conair Aistrithe don Turasóireacht.
[3] Tuarascáil ar Éiceachórais Thionsclaíocha.
[4] An Coimisiún Eorpach, AS GROW, Deais Tháscairí na nÉiceachóras Tionsclaíoch (2023).

5. AITHNÍONN SÍ cineál trasearnála na turasóireachta agus a thábhachtaí atá rialachas éifeachtach il-leibhéil san Aontas, lena mbaineann an Coimisiún, na Ballstáit agus, i gcás inarb iomchuí, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, eagraíochtaí bainistithe ceann scríbe, tionscal na turasóireachta agus gníomhaithe ábhartha eile, mar shampla comhlachais ghairmiúla, chun comhar agus malartú dea-chleachtas a éascú, agus chun comhordú a fheabhsú ar fud na réimsí beartais agus na n-earnálacha ábhartha, agus na creataí agus na hionstraimí atá ann cheana á bhforbairt agus dúbailt neamhriachtanach á seachaint ag an am céanna.

6. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig an gComhairle maidir le Cur Chun Feidhme an Chláir Oibre an 16 Nollaig 2025[5] (‘an Tuarascáil’ ina dhiaidh seo), TUGANN SÍ DÁ hAIRE, de réir na Tuarascála, go bhfuil bearnaí cur chun feidhme fós ann ar fud na mBallstát agus ina cúig réimse tosaíochta, lena n-áirítear rialachas il-leibhéil, agus AITHNÍONN SÍ an gá atá le hiarrachtaí méadaithe comhleanúnacha chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá, chun éiceachóras turasóireachta inbhuanaithe, iomaíoch agus athléimneach a chur ar fáil, é a chur ar a gcumas d’fhiontair turasóireachta, go háirithe FBManna, cinn scríbe agus gníomhaithe ábhartha eile, uirlisí agus ionstraimí ábhartha an Aontais a shlógadh agus a úsáid ar an mbealach is fearr, lena n-áirítear trí rochtain shimplithe agus fheabhsaithe ar an gcistiú agus ar an maoiniú ón Aontas atá ar fáil, trí chúnamh teicniúil agus trí thacaíocht chomhairleach, chomh maith le fothú struchtúrtha acmhainneachta, piarfhoghlaim agus malartú dea-chleachtas.

8. AITHNÍONN SÍ go ndéanann teannas geopholaitiúil, éiginnteacht eacnamaíoch, tionchair níos measa an athraithe aeráide, ró-úsáid agus ganntanas acmhainní nádúrtha, turasóireacht neamhchothrom, forbairtí tapa teicneolaíochta, agus ganntanais leanúnacha lucht saothair difear don earnáil agus do phobail áitiúla i gcinn scríbe, lena n-áirítear suaitheadh tobann ar nascacht agus athruithe ar éileamh agus ar shoghluaisteacht.

[5] 17007/25.

9. CUIREANN SÍ I dTREIS gur príomhspreagadh í an turasóireacht don fhás inbhuanaithe, don fhostaíocht, don chomhtháthú sóisialta agus don mhalartú cultúrtha san Aontas, lena n-áirítear i réigiúin tuaithe, chósta, shléibhtiúla, sna réigiúin is forimeallaí agus i réigiúin nach meallann mórán cuairteoirí de ghnáth, agus nach mór, le forbairt na turasóireachta, dea-bhail na gcónaitheoirí agus na bpobal áitiúil a choimirciú, an oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a chaomhnú agus rannchuidiú le cuspóirí an Aontais ó thaobh na haeráidneodrachta, an oiriúnaithe don athrú aeráide, an gheilleagair chiorclaigh, an chlaochlaithe dhigitigh, na hinbhuanaitheachta eacnamaíche fadtéarmaí, na hathléimneachta agus an iomaíochais.

10. LEAGANN SÍ BÉIM AR a thábhachtaí atá an nascacht ó cheann ceann na bliana a áirithítear le comhlántacht na modhanna éagsúla iompair d'éiceachóras na turasóireachta.

11. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go dtreisíonn inbhuanaitheacht agus iomaíochas éiceachóras turasóireachta an Aontais a chéile agus go gcomhlánaíonn siad a chéile, ós rud é gur féidir le hinfheistíochtaí, cleachtais agus tionscnaimh táirgthe agus tomhaltais atá dírithe ar an inbhuanaitheacht – lena n-áirítear éifeachtúlacht acmhainne, ciorclaíocht, dícharbónú, caomhnú an dúlra agus na bithéagsúlachta, athléimneacht uisce, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide – costais agus rioscaí a laghdú ar deireadh, táirgiúlacht agus cáilíocht a fheabhsú, tarraingteacht ceann scríbe a neartú, taithí na gcónaitheoirí agus na dturasóirí a neartú, agus athléimneacht a fheabhsú, agus go bhfuil earnáil turasóireachta iomaíoch ríthábhachtach chun an acmhainneacht infheistíochta agus an nuálaíocht is gá a bhaint amach agus a chothú chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun feidhme.

12. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil dlúthnasc idir an turasóireacht agus dea-fheidhmiú an Mhargaidh Aontais agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR, le taisteal trasteorann rianúil, slán agus iontaofa agus seachaint ilroinnt gan údar slabhraí luacha agus soláthair, go dtacaítear le cothrom iomaíochta do ghníomhaithe turasóireachta agus go bhfeabhsaítear inbhuanaitheacht agus iomaíochas éiceachóras turasóireachta an Aontais.

13. LEAGANN SÍ BÉIM, mar phrionsabal cothrománach, ar a thábhachtaí atá sé an t-ualach riaracháin atá ann cheana a laghdú agus gan ualach riaracháin nua nach bhfuil gá leis a thabhairt isteach, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an cuspóir uileghabhálach atá ag an Aontas maidir le reachtaíocht an Aontais a shimpliú chun iomaíochas a fheabhsú agus chun tacú leis an iomaíochas agus chun na próisis a chuíchóiriú d'fhiontair, agus spriocanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil á gcosaint ag an am céanna.

14. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a áirithiú, agus tionscnaimh nua á n-ullmhú, go gcomhlíonfar comhleanúnachas leis na gníomhartha reachtacha atá ann cheana trí fhorluí nach bhfuil gá leis a sheachaint, agus go mbeidh measúnuithe tionchair iomchuí mar bhonn taca le tograí i gcomhréir le prionsabail na rialála níos fearr, agus saintréithe agus struchtúr ilroinnte éiceachóras na turasóireachta agus an t-ualach a d'fhéadfadh a bheith ar FBManna á gcur san áireamh.

**Pobail Áitiúla agus Cothromas Sóisialta**

15. AITHNÍONN SÍ an dúshlán méadaitheach a bhaineann leis an turasóireacht neamhchothrom, a mbíonn 'róthurasóireacht' agus 'tearcthurasóireacht' i gceist léi, a léirítear le comhchruinniú spásúil agus séasúrach sreafaí turasóireachta agus infheistíochta, agus brú ar chinn scríbe shonracha agus deiseanna caillte in áiteanna eile, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aird bhreise a thabhairt ar chinn scríbe fhorimeallacha, tuaithe, oileánacha, shléibhtiúla agus iargúlta, chun an chothromaíocht réigiúnach a neartú agus chun leas a bhaint as a n-acmhainneacht turasóireachta.

16. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an Beartas Comhtháthaithe chun tacú le forbairt inbhuanaithe chothrom na turasóireachta, chomh maith le hathléimneacht na gceann scríbe, i gcomhréir le straitéisí críochacha.

17. MOLANN SÍ do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a dtuiscint ar thurasóireacht chothrom a dhoimhniú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. sonraí maidir le comhchruinniú spásúil agus séasúrach sreafaí turasóireachta, forbairt agus brúnna a bhaineann le turasóireacht, dúshláin agus scaipeadh tairbhí ar leibhéal an chinn scríbe a bhailiú, a anailísiú agus a úsáid go córasach;

ii. feabhas a chur ar chomhchoibhneas na sonraí turasóireachta le brúnna tithíochta, dinimic na margaí saothair, tionchair chomhshaoil agus cáilíocht saoil na gcónaitheoirí;

(b) i gcás inarb iomchuí, beartais náisiúnta agus réigiúnacha don turasóireacht chothrom a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena ndéanfar an méid a leanas:

i. athdháileadh spásúil agus ama sreafaí turasóireachta a chur chun cinn ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear i dtreo réigiúin tuaithe, shléibhtiúla, oileánacha, iargúlta agus na réigiúin is forimeallaí, chomh maith le limistéir uirbeacha nach meallann mórán cuairteoirí de ghnáth, chomh maith le comhar a áirithiú i measc na ngníomhaithe ábhartha ar fad;

ii. tacú le héagsúlú táirgí turasóireachta, agus athléimneacht luach agus slabhraí soláthair na turasóireachta áitiúla a fheabhsú a thuilleadh;

(c) rannpháirtíocht an phobail agus cothromas sóisialta a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. rannpháirtíocht fhóinteach cónaitheoirí, pobal áitiúil, micrifhiontar agus FBManna, lucht saothair agus comhlachas turasóireachta a áirithiú i ndearadh, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán straitéisí turasóireachta, agus úsáid á baint as uirlisí modheolaíochta iomchuí, ar nós anailísí, suirbhéanna agus comhairliúchán;

ii. samhlacha turasóireachta freagracha, inrochtana agus cuimsitheacha a chur chun cinn, lena n-áirítear le rochtain fheabhsaithe do dhaoine faoi mhíchumas, lena scaiptear na tairbhí go cothrom, lena n-urramaítear cultúir áitiúla agus lena laghdaítear seachtrachtaí diúltacha do chónaitheoirí;

iii. úsáid a bhaint as torthaí an Eorabharaiméadair agus as suirbhéanna inchomparáide eile chun faireachán a dhéanamh ar bhraistintí na saoránach, ar ghlacadh sóisialta na turasóireachta agus ar cháilíocht na beatha i gcinn scríbe.

18. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) treoirlínte a fhorbairt, i gcomhar leis na Ballstáit, chun aghaidh a thabhairt ar thurasóireacht neamhchothrom, ag tógáil ar obair reatha agus leanúnach institiúidí an Aontais, ghrúpaí saineolaithe an Aontais agus na mBallstát maidir le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht shóisialta;

(b) féachaint ar na féidearthachtaí a d'fhéadfadh rochtain a éascú do chónaitheoirí ar sheirbhísí spóirt, cultúrtha agus áineasa eile a chuirtear ar fáil i gcinn scríbe.

(c) sonraí staidrimh arna mbailiú faoin Rialachán maidir le Staidreamh Turasóireachta, suirbhéanna staidrimh, agus foinsí nuálacha eile a fhoilsiú ar Ardán Turasóireachta an Aontais Eorpaigh agus ar Dheais Turasóireachta an Aontais Eorpaigh, agus dea-chleachtais a roinnt maidir le turasóireacht chothrom a thomhas.

**Nascacht agus Soghluaisteacht Inbhuanaithe**

19. AITHNÍONN SÍ gur príomhchumasóir iad naisc aeir, talún agus uisce-iompartha atá iontaofa, inacmhainne, inrochtana, a bhíonn ann go rialta agus ó cheann ceann na bliana d'fhorbairt chothrom na turasóireachta, do chomhtháthú críochach agus do shoghluaisteacht na saoránach, go háirithe do Bhallstáit oileánacha, do na réigiúin oileánacha agus do na réigiúin is forimeallaí – ina bhfuil inrochtaineacht agus gníomhaíocht eacnamaíoch ag brath den chuid is mó ar aeriompar – agus do réigiúin tuaithe, shléibhtiúla agus iargúlta freisin.

20. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá réitigh soghluaisteachta inbhuanaithe agus ilmhódacha atá ar fáil go forleathan, agus a thábhachtaí atá sé bacainní ar shaorghluaiseacht a laghdú, rud a chuideoidh le tionchair an iompair ar an gcomhshaol a laghdú agus le heispéireas taistil rianúil do thurasóirí agus do chónaitheoirí faoi seach, agus MEABHRAÍTEAR DI ábharthacht na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le hiarnród ardluais[6], chun soghluaisteacht iarnróid inbhuanaithe agus nasctha a chur chun cinn ar fud an Aontais.

21. TUGANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá inrochtaineacht modhanna iompair do gach paisinéir, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus atá faoi mhíchumas, mar phríomhghné den turasóireacht chuimsitheach.

22. MOLANN SÍ do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:
(a) réitigh iompair áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta agus trasteorann a chur chun feidhme le haghaidh turasóireacht chothrom lena gcomhtháthaítear soghluaisteacht inbhuanaithe agus roghanna bonneagair lena bhfeabhsaítear rochtain ar chinn scríbe nach bhfuil mórán cur amach ag daoine orthu agus lena dtugtar aghaidh ar an tséasúracht, i sineirgíocht le beartais iompair agus nascachta an Aontais, agus aird ar leith á tabhairt ar oileáin, ar réigiúin tuaithe, shléibhtiúla, ar na réigiúin is forimeallaí agus ar réigiúin iargúlta;

[6] COM (2025) 903 final 'An Eoraip a Nascadh trí Iarnród Ardluais'.

(b) naisc nascachta inbhuanaithe, ilmhódacha agus trasteorann a chur chun cinn don turasóireacht, lena n-áirítear iarnród, busanna, báid farantóireachta agus cineálacha eile iompair phoiblí, chomh maith leis an rothaíocht, lena n-áirítear réitigh an mhíle dheireanaigh ó chinn scríbe, lena n-áirítear i dtreo ceantair thuaithe iargúlta;

(c) forbairt bonneagair a bhaineann le nascacht (amhail bonneagar athluchtaithe) agus seirbhísí a théann chun tairbhe do phobail áitiúla agus do shreafaí turasóireachta go comhpháirteach a éascú, lena n-áirítear seirbhísí digiteacha atá inrochtana, idir-inoibritheach agus, i gcás inarb ábhartha, comhoiriúnach ar bhonn trasteorann, lena dtacaítear le turais rianúla;

(d) sonraí agus táscairí maidir le patrúin soghluaisteachta turasóireachta a bhailiú agus a úsáid agus, mar chuid de chineálacha cur chuige faireacháin náisiúnta agus réigiúnacha ar thurasóireacht;

(e) tabhairt faoi chomhar réigiúnach agus téamach maidir le taisteal trasteorann a éascú, lena n-áirítear chuig tíortha comharsanachta agus chuig tríú tíortha.

23. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) riachtanais nascachta agus inrochtaineachta na mBallstát a bhaineann leis an turasóireacht a chomhtháthú, lena n-áirítear an spleáchas struchtúrach ar nascacht aeir agus srianta sonracha na mBallstát oileánach, na réigiún oileánach, na réigiún forimeallach agus na réigiún iargúlta, i mbeartais iompair agus i bpleanáil iompair an Aontais, chun tacú le comhtháthú críochach agus forbairt chothrom na gceann scríbe;

(b) feabhas a chur ar thaisteal ilmhódach rianúil, idir cinn scríbe, faisnéis agus seirbhísí, agus réitigh chomhtháite ticéadaithe, lena n-áirítear trí iarrachtaí idir-inoibritheachta agus caighdeánaithe, agus trí rochtain ar sheirbhísí soghluaisteachta ar éileamh a éascú;

(c) malartú dea-chleachtas agus comhar a éascú i measc na n-údarás áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta atá dírithe ar eispéireas soghluaisteachta foriomlán na dturasóirí ag an gceann scríbe a fheabhsú.

**An tAistriú Glas agus an tAthrú Aeráide**

24. AITHNÍONN SÍ go bhfuil méadú ag teacht ar neamhchosaint an éiceachórais turasóireachta ar an athrú aeráide agus ar dhíghrádú an chomhshaoil, rud a chruthaíonn rioscaí sistéamacha don inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus shóisialta agus go bhféadfadh teagmhais adhaimsire, strus uisce, cailliúint bithéagsúlachta agus truailliú dochar a dhéanamh don éiceachóras.

25. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil sé fíor-riachtanach dlús a chur leis an ngníomhaíocht mhaolúcháin agus oiriúniúcháin, an bhithéagsúlacht a chosaint agus éiceachórais nádúrtha a athchóiriú, i gcomhréir le cuspóirí aeráide agus comhshaoil an Aontais, chun athléimneacht, tarraingteacht agus iomaíochas fadtéarmach na gceann scríbe agus na bhfiontar turasóireachta a chosaint, lena n-áirítear trí aird bhreise a thabhairt ar aistriú i dtreo cineálacha cur chuige turasóireachta níos athghiniúnaí a théann chun tairbhe don dúlra agus do na cinn scríbe.

26. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) dlús a chur le haistriú glas na turasóireachta i gcomhréir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, le cuspóirí aeráide agus le beartais an gheilleagair chiorclaigh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. fiontair turasóireachta a spreagadh chun samhlacha gnó ciorclacha ísealcharbóin atá tíosach ar acmhainní a ghlacadh;

ii. glacadh uirlisí comhtháite agus scéimeanna bainistíochta comhshaoil fíoraithe, amhail Éicilipéad AE agus EMAS, chomh maith le scéimeanna náisiúnta aitheanta, ag soláthraithe agus cinn scríbe turasóireachta a chur chun cinn;

(b) maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin a neartú i mbeartais turasóireachta is fearr a rannchuidíonn le hinbhuanaitheacht eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. sreafaí turasóireachta a bhainistiú agus táirgí turasóireachta agus réitigh dhúlrabhunaithe atá níos athléimní in aghaidh thionchair an athraithe aeráide a chur chun cinn;

ii. breithniú a dhéanamh ar ábhair imní maidir leis an athrú aeráide a chomhtháthú i straitéisí turasóireachta, agus i gcás inarb ábhartha, i bpleanáil infheistíochta;

iii. aghaidh a thabhairt ar riachtanais oiriúnaithe bonneagair, cosaint cósta agus mhuirí, agus iompar, go háirithe i limistéir atá thar a bheith neamhchosanta ar rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide, i gcomhréir le réamh-mheastacháin aeráide áitiúla;

(c) bearta iomchuí a shainaithint chun aistriú glas na gceann scríbe agus na bhfiontar a mhéadú.

27. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscadail taighde agus nuálaíochta (T&N) agus do threoirthionscadail mhórscála maidir leis an turasóireacht chiorclach agus inbhuanaithe, go háirithe trí na gníomhaíochtaí lena dtacaítear le gníomhaíochtaí aeráide agus comhshaoil, amhail an clár LIFE atá ann faoi láthair, agus macasamhlú samhlacha bailíochtaithe a chur chun cinn trí Thionscnamh na gCathracha agus na Réigiún Ciorclach agus trí ionstraimí ábhartha eile atá ann cheana;

(b) tacú le hiarrachtaí na mBallstát agus na bhfiontar turasóireachta a lorg comhshaoil a laghdú, a áirithiú go mbeidh an t-éiceachóras turasóireachta mar chuid de chreat comhtháite nua an Aontais maidir le hAthléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide agus Bainistiú Riosca[7], agus eolas agus treoir a fhorbairt chun cabhrú le cinn scríbe agus le fiontair aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide;

(c) obair ar réamhaisnéis aeráide a bhaineann leis an turasóireacht, lena n-áirítear anailís ar réamh-mheastacháin fhadtéarmacha, trí uirlisí atá ann cheana amhail Seirbhís Copernicus um an Athrú Aeráide a ghiaráil[8], chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna, agus chun malartú a chothú idir na Ballstáit a bhfuil dúshláin chomhchosúla acu, go háirithe maidir le beartais um maolú ar an athrú aeráide agus um oiriúnú don athrú aeráide;

(d) liosta de dheimhnithe agus lipéid inbhuanaitheachta a aithnítear ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta a ullmhú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

---

[7] *European Climate Resilience and Risk Management – Integrated Framework – Climate Action* [An Athléimneacht Aeráide Eorpach agus Bainistiú Riosca — Creat Comhtháite — Gníomhú ar son na hAeráide]

[8] Seirbhís Copernicus um an Athrú Aeráide

**Claochlú Digiteach, Sonraí agus Nuálaíocht**

28. AITHNÍONN SÍ gur luamháin straitéiseacha iad creat láidir Eorpach le haghaidh sonraí turasóireachta agus comhtháthú pleanála straitéisí, lena n-áirítear comhéiceachóras sonraí idir-inoibritheach, treoir maidir leis an intleacht shaorga, bainistiú sonraíbhunaithe ceann scríbe, arduirlisí sonraí agus seirbhísí nuálacha teicneolaíochta taistil, chun pleanáil, iomaíochas, inbhuanaitheacht agus athléimneacht níos fearr a dhéanamh sa turasóireacht.

29. MOLANN SÍ do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) úsáid éifeachtach na n-uirlisí digiteacha atá ar fáil a chothú ag fiontair turasóireachta agus ag údaráis phoiblí atá freagrach as ceann scríbe a bhainistiú, i gcomhréir leis na spriocanna don Deacáid Dhigiteach[9];

(b) sonraí fíor-ama ardcháilíochta a bhailiú go córasach, agus úsáid á baint as ardáin dhigiteacha atá ann cheana, i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear sonraí a chuirtear ar fáil faoi chreat sonraí an Aontais maidir le cíos gearrthéarmach, anailís agus úsáid a bhaint as sonraí maidir le pleanáil straitéiseach, bainistiú spásúil agus séasúrach sreafaí turasóirí, infheistíocht, agus tairbhí agus brúnna a bhaineann leis an turasóireacht;

(c) seirbhísí turasóireachta nuálacha cuimsitheacha agus cineálacha cur chuige bainistithe ceann scríbe sonraíbhunaithe a chur chun cinn, do ghníomhaithe ábhartha ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, agus cearta bunúsacha, príobháideachas agus cosaint sonraí á n-urramú ag an am céanna.

30. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar le Eurostat agus leis na húdaráis staidrimh náisiúnta, athbhreithniú a dhéanamh ar chumhdach an staidrimh inchomparáide turasóireachta, agus feabhas a chur ar an gcumhdach sin, ó staidreamh bunúsach maidir le turais agus fanacht thar oíche go sonraí maidir le tionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil na turasóireachta, agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus ardanailísíocht chun cáilíocht agus tráthúlacht na sonraí turasóireachta a fheabhsú, agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leis á chosc ag an am céanna.

[9] Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach

31. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) dlús a chur le himscaradh an Spáis Choitinn Sonraí Turasóireachta Eorpaigh (ETDS), lena n-áirítear:

i. caighdeáin a fhorbairt maidir le hidir-inoibritheacht agus rialachas sonraí chun taca a chur faoi phleanáil, faireachán agus inchomparáideacht fhianaisebhunaithe ar fud na mBallstát agus spásanna sonraí earnála eile;

ii. tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Dheais Turasóireachta an Aontais, Ardán Turasóireachta an Aontais a chomhdhlúthú agus a chur chun cinn mar ardán tacaíochta comhtháite, agus roghanna rialachais agus sásraí comhair oiriúnacha a fhorbairt, amhail Cuibhreannas don Bhonneagar Digiteach Eorpach;

iii. uirlisí idir-inoibritheacha ETDS, tacaíocht theicniúil agus dreasachtaí a sholáthar d'úinéirí sonraí, chun acmhainneacht dhigiteach theicniúil agus oibríochtúil fiontar, DMOanna, údarás áitiúil agus gníomhaithe ábhartha eile a áirithiú, agus chun mais chriticiúil soláthraithe sonraí agus úsáideoirí sonraí a dhaingniú ar fud an éiceachórais turasóireachta;

(b) éiceachóras turasóireachta iomaíoch agus nuálach sa réimse digiteach a neartú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. líonrú idir gorlanna, luasairí agus moil nuálaíochta ábhartha a chur chun cinn;

ii. cothrom iomaíochta a chumasú, lena n-áirítear trí rialacha digiteacha ábhartha an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach, i gcás inarb infheidhme, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar spleáchais ar réitigh teicneolaíochta taistil neamh-AE, lena n-áirítear trí roghanna malartacha Eorpacha, caighdeáin oscailte agus iniomparthacht sonraí a chur chun cinn, chomh maith le rialú úsáideoirí ar shonraí;

iii. a áirithiú gur féidir le FBManna, gnólachtaí nuathionscanta, gnólachtaí atá i mbun fáis, agus i gcás inarb ábhartha, DMOnna agus údaráis phoiblí rochtain a fháil ar chistiú ón Aontas, ar thacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe agus ar sheirbhísí comhairleacha le haghaidh infheistíochtaí digiteacha, chomh maith le sineirgí trasteorann a chothú idir páirtithe leasmhara ábhartha atá ag obair ar an digitiú.

32. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis an tionscal agus le geallsealbhóirí eile, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscadail T&N, do bhinsí tástála agus do threoirthionscadail maidir le huirlisí agus seirbhísí digiteacha sa turasóireacht, lena n-áirítear iad siúd lena neartaítear cinn scríbe chliste, lena bhfeabhsaítear inrochtaineacht, lena dtacaítear leis an nuálaíocht agus lena bhfeabhsaítear an athléimneacht;

(b) tacú le tionscnamh faoi stiúir an tionscail chun treoirlínte a fhorbairt maidir le húsáid fhreagrach agus fheasach na hintleachta saorga sa turasóireacht, i gcomhréir leis an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga[10], i gcomhréir le reachtaíocht agus straitéisí an Aontais, agus aitheantas á thabhairt do shruthanna oibre ábhartha atá ann cheana.

**Scileanna agus Fostaíocht Ardcháilíochta**

33. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil fostaíocht ardcháilíochta, dálaí leordhóthanacha oibre agus forbairt scileanna, i gcomhréir leis an Limistéar Eorpach Oideachais[11], le hAontas na Scileanna[12] agus leis an Treochlár um Poist Dea-cháilíochta[13], lena n-áirítear trí thionscnamh Chomhshocrú AE um Scileanna agus trí chomhpháirtíochtaí scileanna náisiúnta agus réigiúnacha, bunriachtanach d'iomaíochas agus d'athléimneacht fhadtéarmach earnáil na turasóireachta; AITHNÍONN SÍ go bhfuil na nithe thuasluaite ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais struchtúracha lucht saothair agus scileanna, lena n-áirítear i gcomhthéacs athruithe déimeagrafacha, agus chun anailís a dhéanamh ar phatrúin fostaíochta shéasúracha agus spásúla, agus go bhfuil siad ábhartha go háirithe i seirbhísí fáilteachais agus turasóireachta, agus chun gairmeacha turasóireachta a dhéanamh níos tarraingtí agus chun coinneáil oibrithe a chothú.

34. MOLANN SÍ do na Ballstáit, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) foghlaim ar feadh an tsaoil, uas-sciliú agus athsciliú d'oibrithe turasóireachta agus do chuardaitheoirí poist a chur chun cinn, agus béim ar leith á leagan ar inniúlachtaí glasa, digiteacha, fiontraíochta chomh maith le hinniúlachtaí sóisialta agus idirchultúrtha, agus infheictheacht agus for-rochtain fheabhsaithe a chur ar fáil chun a dtionchar agus a nglacadh a uasmhéadú;

---

[10] Apply AI Strategy [Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga]
[11] An Limistéar Eorpach Oideachais
[12] COM (2025) 90 final.
[13] COM (2025) 944 final.

(b) comhpháirtíochtaí scileanna náisiúnta agus réigiúnacha a leathnú i réigiúin turasóireachta agus ról DMOnna, na n-údarás réigiúnach, áitiúil agus gníomhaithe ábhartha eile a neartú mar iolraitheoirí scileanna;

(c) uirlisí faisnéise agus réamhaisnéise scileanna náisiúnta agus réigiúnacha a neartú, lena n-áirítear trí shonraí ábhartha fostaíochta agus scileanna a chur ar fáil do ETDS;

(d) dea-chleachtais a mhalartú maidir le bainistíocht séasúrachta, conairí gairme, agus coinneáil oibrithe, trí fheabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise inchomparáide maidir le scileanna agus riachtanais an lucht saothair, agus maidir le cáilíocht post.

35. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) leanúint dá chuid oibre ar thionscnamh Chomhshocrú AE um Scileanna, lena n-áirítear an chomhpháirtíocht scileanna ar mhórscála don turasóireacht agus cláir ghaolmhara eile le haghaidh uas-sciliú agus athsciliú;

(b) tacú le forbairt uirlisí faisnéise agus réamhaisnéise ardscileanna comhtháite inchomparáide ar leibhéal an Aontais le haghaidh na turasóireachta, lena n-áirítear trí chomhordú, treoir mhodheolaíoch agus úsáid éifeachtach a bhaint as ETDS;

(c) leanúint de thacaíocht a thabhairt do thionscadail a bhaineann leis an turasóireacht faoi chláir an Aontais, agus ionstraimí eile lena dtacaítear le scileanna agus le soghluaisteacht an lucht saothair sa turasóireacht;

(d) i gcomhar leis na Ballstáit, úsáid líonra na Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES) a fhiosrú agus a chur chun cinn a thuilleadh, chun feabhas a chur ar sheirbhísí meaitseála ar fud an Aontais, lena n-áirítear chun aghaidh a thabhairt ar éileamh séasúrach agus ar bhearnaí san fhostaíocht.

**Athléimneacht, Bainistiú Oiriúnaitheach agus Ullmhacht i gcomhair Géarchéimeanna**

36. Gan dochar d'ionstraimí atá ann cheana, CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá ullmhacht agus freagairt i gcomhair géarchéimeanna a neartú ar fud éiceachóras na turasóireachta tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) measúnú riosca struchtúrtha agus cosc, pleanáil theagmhasach agus córais luathrabhaidh a fhorbairt ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, ag tógáil ar thionscadail de chuid an Aontais atá ann cheana[14];

[14] Bainistiú Géarchéime agus Rialachas sa Turasóireacht — Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA).

(b) feabhas a chur ar chumarsáid géarchéime, lena n-áirítear faisnéis inrochtana i dteangacha agus i bhformáidí éagsúla, agus riachtanais taistealaithe leochaileacha á gcur san áireamh;

(c) bainistiú géarchéime, oiriúnú don athrú aeráide, breithnithe taistil sábháilte agus slána agus laghdú rioscaí tubaiste a chomhtháthú i straitéisí turasóireachta agus i gcreataí cinn scríbe cliste.

37. MOLANN SÍ go ndéanfaí an turasóireacht a bhainistiú ar bhealach oiriúnaitheach tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) sonraí fíor-ama agus córais faireacháin a úsáid chun sreafaí turasóirí agus cuairteoirí lae a bhainistiú, agus bearta a choigeartú ar bhealach spriocdhírithe agus comhréireach;

(b) éagsúlú táirgí turasóireachta a chur chun cinn amhail turasóireacht mhall agus dúlra, turasóireacht chultúrtha, taisteal gnó agus MICE, deighilt an mhargaidh a fheabhsú agus síneadh a chur leis an séasúr turasóireachta, chun leochaileacht agus neamhchosaint ar shuaití agus ar thurasóireacht neamhchothrom a laghdú;

(c) comhar trasearnála a chothú le réimsí beartais eile**,** mar atá iompar, comhshaol, cultúr, cúrsaí digiteacha agus sláinte, chun éiginnteacht agus suaití seachtracha a bhainistiú.

38. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, an méid seo a leanas:

(a) tacú le cinn scríbe, go háirithe DMOanna, chun athléimneacht agus inbhuanaitheacht shóisialta a fhorbairt, lena n-áirítear trí thionscadail agus tionscnaimh arna gcistiú ag an Aontas lena ngintear dea-chleachtais inmhacasamhlaithe, agus béim á leagan ar phobail áitiúla agus ar an gcomhshaol;

(b) a áirithiú go dtabharfar aird agus tacaíocht threisithe d'ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, do chosc rioscaí agus d'oiriúnú don athrú aeráide;

(c) comhordú níos fearr a éascú idir na Ballstáit, agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, chun ullmhacht agus freagairt a fheabhsú, lena n-áirítear, más iomchuí, trí shocruithe comhordaithe *ad hoc*, agus sainiúlachtaí an éiceachórais turasóireachta á gcur san áireamh.

(d) nuair is gá, gníomhaíochtaí a dhéanamh agus tograí a ghlacadh chun iarmhairtí diúltacha géarchéimeanna a mhaolú, ar géarchéimeanna iad a bhfuil tionchar suntasach acu ar éiceachóras turasóireachta na hEorpa.

**Rialachas Il-leibhéil**

39. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá rialachas láidir il-leibhéil agus ilpháirtí leasmhair, ina mbeidh na réimsí beartais ábhartha uile rannpháirteach, agus páirtithe leasmhara faoi seach mar DMOnna, comhlachais, pobail áitiúla, fiontair, agus gníomhaithe ábhartha eile.

40. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá an comhar le comhpháirtithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha, i gcás inarb iomchuí, chun comhleanúnachas, athléimneacht agus iomaíochas domhanda éiceachóras turasóireachta na hEorpa a fheabhsú.

41. AITHNÍONN SÍ gur gá féachaint ar bhealaí a d'fhéadfadh a bheith ann chun rialachas maidir le hullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a neartú a thuilleadh, agus dúbláil á seachaint ag an am céanna trí na creataí rialachais atá ann cheana a chomhdhlúthú agus a ailíniú, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, iad siúd a thacaíonn le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo spriocanna ábhartha Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe.

42. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá infheictheacht na hEorpa mar cheann scríbe a fheabhsú, trí íomhá na hEorpa mar cheann scríbe taistil sábháilte, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chothú, agus sábháilteacht agus slándáil á n-aithint mar phríomhghné de mhuinín na dturasóirí, agus neamhspleáchas na mbrandaí náisiúnta agus réigiúnacha á n-urramú go hiomlán, lena n-áiritheofar infheictheacht chothrom na gceann scríbe éagsúil.

43. MOLANN SÍ do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:
    (a) comhordú idir an turasóireacht agus réimsí beartais gaolmhara mar atá iompar, comhshaol, forbairt réigiúnach, digiteach, nuálaíocht, scileanna, oideachas, margadh an tsaothair, cultúr agus spórt a neartú, trí pheirspictíocht na turasóireachta a léiriú i dtionscnaimh bheartais ábhartha;

(b) gné thrasnáisiúnta na turasóireachta a neartú trí chomhar trasteorann, téamach nó réigiúnach, lena n-áirítear braislí a fhorbairt agus, i gcás inarb iomchuí, cineálacha cur chuige a chomhordú i bhfóraim ábhartha idirnáisiúnta turasóireachta;

(c) idirphlé struchtúrtha a neartú idir údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, DMOanna agus gníomhaithe ábhartha eile, chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí, táscairí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, creataí táscairí agus uirlisí tuairiscithe atá ailínithe le SFIanna, ailíniú straitéise agus cur chun feidhme beartas turasóireachta inbhuanaithe.

44. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhar trasearnála a chur chun cinn ar fud réimsí beartais ábhartha eile de chuid an Aontais mar atá iompar, comhtháthú agus beartas réigiúnach, an comhshaol, tithíocht, cosaint tomhaltóirí, cultúr agus spórt, trí pheirspictíocht na turasóireachta a léiriú i dtionscnaimh bheartais ábhartha, nósanna imeachta a chuíchóiriú, chun timpeallacht bheartais chomhleanúnach atá fabhrach d’infheistíochtaí agus timpeallacht bheartais fhabhrach don turasóireacht a chruthú;

(b) an ghné idirnáisiúnta d’éiceachóras turasóireachta an Aontais a neartú, mar ghné de ghníomhaíocht sheachtrach agus de thaidhleoireacht eacnamaíoch an Aontais, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

   i. feabhas a chur ar an gcomhar agus ar mhalartuithe struchtúrtha le tíortha comhpháirtíochta agus le réigiúin chomhpháirtíochta atá ábhartha don turasóireacht agus don nascacht;

   ii. páirt a ghlacadh, de réir mar is iomchuí, in eagraíochtaí agus fóraim idirnáisiúnta ábhartha agus ina gcuid oibre anailíse agus socraithe caighdeán, lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, Turasóireacht na Náisiún Aontaithe, ECFE, agus rianta ábhartha G7/G20;

   iii. tacú le comhar idirnáisiúnta maidir le malartú dea-chleachtais agus inchomparáideacht sonraí agus táscairí turasóireachta, i gcás inarb iomchuí, i gcomhar leis na Ballstáit.

(c) ionad ilfhreastail soláimhsithe a ionchorprú in Ardán Turasóireachta an Aontais, chun faisnéis atá ar fáil d’éiceachóras na turasóireachta a chur ar fáil, chomh maith le deiseanna ábhartha tacaíochta agus cistiúcháin;

(d) insintí turasóireachta agus for-rochtain chomhleanúnach ar leibhéal an Aontais a éascú, ar bhealach comhlántach le neamhspleáchas agus éagsúlacht brandála náisiúnta agus réigiúnacha, agus inniúlachtaí cur chun cinn, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

i. creat insinte agus brandála 'Destination Europe' a nuachóiriú, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, agus cuimsiú iomlán na réigiún oileánach, na réigiún is forimeallaí agus na réigiún is lú a dtugtar cuairt orthu á áirithiú ag an am céanna;

ii. ailíniú a neartú idir insintí turasóireachta, cuspóirí inbhuanaitheachta agus tosaíochtaí beartais níos leithne an Aontais.

**Faireachán agus obair leantach**

45. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha, tacú le cur chun feidhme na gconclúidí seo agus obair leantach a dhéanamh ina leith, ar conclúidí iad a chuireann leis na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre don Turasóireacht 2030.

46. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh agus tuarascáil chomhdhlúite a chur faoi bhráid na Comhairle, gach 3 bliana ó ghlacadh na gconclúidí seo, maidir lena gcur chun feidhme, chomh maith leis na gníomhaíochtaí ábhartha san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gClár Oibre don Turasóireacht 2030.

47. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún aird chuí a thabhairt ar na conclúidí sin, agus ar na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí a leagtar amach iontu, agus Straitéis Turasóireachta Inbhuanaithe an Aontais atá ar na bacáin á hullmhú.

48. IARRANN SÍ ar pháirtithe leasmhara turasóireachta páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme na gconclúidí seo, i gcomhar leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit, feasacht a mhúscailt i measc a gcomhpháirtithe agus a gcustaiméirí agus rannchuidiú lena saineolas agus lena dtaithí, agus an t-eolas agus na torthaí a baineadh amach a scaipeadh.